Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2005**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 GO DTÍ 4.50**

Freagair **ceithre** cheist, is é sin, Ceist 1, Ceist 5 agus **dhá** cheist eile as Roinn B (ceisteanna 2, 3 agus 4).

I gcás freagraí a mbíonn plé iontu, is fearr go mór trácht go mion ar **thrí nó ar cheithre** ghné den phríomhthéama, seachas trácht go ginearálta ar mhórán pointí.

**DEIMHNIGH LE DO THOIL GO BHFUIL LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN bPÁIPÉAR SEO.**

## ROINN A – OBAIR LÉARSCÁILE
**Freagair Ceist 1 go hIOMLÁN**

**1.** Féach ar an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50000 agus ar an Eochair Eolais a tugadh duit agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Bain úsáid as fianaise sa léaráid chun scrúdú a dhéanamh ar an chaoi inar thánaigh bonneagar iompair san Muileann gCearr i grích. **(40 marc)**

**(b)** Tá fianaise mhór ar lonnaíocht stairiúil lasmuigh den cheantar foirgnimh le hais a chéile Mhuileann gCearr.
Déan cur síos ar bhailíocht an ráitis seo, agus úsáid á bhaint agat as fhianaise ón léarscáil amháin.
**(30 marc)**

**(c)** Déan scrúdú ar **dhá** ghréasán lonnaíochta na tuaithe a aithríonn tú san cheantar seo.
**(30 marc)**

## ROINN B – TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH, SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH
**Freagair DHÁ cheist**

**2. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH: Freagair 2(a) nó 2(b) nó 2(c) nó 2(d).**

**(a) Oighir**

**(i)** Trí úsáid a bhaint as samplaí in Éirinn, pléigh **trí** bhealach inar chuidigh oighearchreimeadh **agus** sil-leagan oighreachta le tírdhreach na hÉireann a chruthú. **(75 marc)**


**(ii)** Scaoil leá na n-oighearchlúideanna ag deireadh na hoighearthréimhse deiridh lear mór uisce.
Scrúdaigh go hachomair conas a chruthaigh sé sin an tírdhreach freisin. Déan tagairt do shamplaí in Éirinn **nár** luadh cheana i gcuid (i) thuas. **(25 marc)**

**(b) Oibriú na Farraige**

**(i)** Mínigh conas a chruthaíonn an fharraige line chósta na hÉireann trí thagairt a dhéanamh don chreimeadh **agus** don sil-leagan araon mar phróisis. **(75 marc)**

**(ii)** D'fhéadfadh malairt tuairime a bheith i gceist maidir leis an úsáid ar mhaith le daoine a bhaint as línte cósta.
Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn a ndearna tú staidéar orthu. **(25 marc)**

**(c) Athrú Aeráide**




Scrúdaigh an graf thuas, a léiríonn an t-athrú a tháinig ar theochtaí domhanda le linn 140 bliain idir 1860 agus 2000.

**(i)** • Tabhair cúiseanna leis an treocht a léirítear.

• Rianaigh go hachomair na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag téamh domhanda ar shochaithe daonna. **(60 marc)**

**(ii)** Déán anailís ar **dhá** bhealach ina bhfuil iarrachtaí á ndéanamh nó ina bhféadfaí iarrachtaí a dhéanamh chun éifeachtaí théimh dhomhanda a laghdú nó teorainn a chur leo. **(40 marc)**

**(d) Sionchaitheamh agus Ollghluaiseacht**

**(i)** Imríonn próisis an tsíonchaithimh páirt mhór i gcruthú tírdhreach. Déan tagairt do shamplaí a ndearna tú staidéar orthu agus scrúdaigh **trí** cinn de na próisis sin. **(75 marc)**

**(ii)** I mí Dheireadh Fómhair 2003, tharla pléascadh portaigh i nDaraidh Braoin, Co. na Gaillimhe, a rinne cuid mhaith damáiste sa cheantar áitiúil.
Déan cur sios achomair ar **dhá** éifeacht a bhí ag an teagmhas ar dhaoine a chónaíonn sa cheantar sin. **(25 marc)**

**3.** **TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA: Freagair 3(a) nó 3(b) nó 3(c) nó 3(d).**

**(a)** **Scrúdaigh an t-aerfhótagraf daite den Mhuileann gCearr a tugadh duit.**

**(i)** Tarraing sracléarscáil [**Ná déan** rianú] den cheantar a léirítear san fhótagraf. Marcáil agus ainmnigh iad seo a leanas ar an léarscáil:

- **Dhá** shráid
- Canáil
- An stáisiún iarnróid
- Eaglais
- **Trí** limistéar ina bhfuil an úsáid éagsúil talún (seachas an fheirmeoireacht) **(30 marc)**

**(ii)** "Dealraíonn sé gur tosaíocht do na húdaráis áitiúla i Muileann gCearr é bainistiú tráchta."
Déan trácht ar bhailíocht an ráitis sin agus tagairt agat d'fhianaise ón fhótagraf..
[**Cuimhnigh**: is aerfhótagraf sceabhach é seo, mar sin bain úsáid le do thoil as an gcóras tagartha suímh ceart]. **(35 marc)**


**(iii)** Samhlaigh go bhfuil láithreán úr-nua á chuardach ag forbróir in áit éigin sa cheantar a léiritear san fhótagraf chun coimpléacs siopadóireachta agus caitheamh aimsire nua a thógáil.
Mol suíomh féideartha amháin don fhorbairt agus mínigh cúis **amháin** i bhfabhar plean den chineál sin agus cúis **amháin** ina aghaidh. **(35 marc)**


**(b)** **Géarchéimeanna Dídeannaithe agus an Comhshaol**


In an-chuid géarchéimeanna dídeannaithe, is é an gá is práinní le beatha daoine a shábháil a thagann salach ar chuspóirí níos fadtéarmaí ar nós an comhshaol a chosaint agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.


Agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, scrúdaigh cruinneas an ráitis sin. **(100 marc)**

## (c ) Struchtúr Daonra




Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas – a léiríonn an fíorstruchtúr daonra d'Éirinn agus don Chéinia i 2000 agus an struchtúr réamh-mheasta i 2050.

**(i)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar na difríochtaí atá idir pirimidí na bliana 2000 d'Éirinn agus don Chéinia. **(60 marc)**

**(ii)** Léiríonn na pirimidí d'Éirinn agus don Chéinia araon i 2050 difríochtaí móra leo siúd don bhliain 2000.
Scrúdaigh conas a chuirfeadh na difríochtaí sin isteach ar an saol sa **dá** thír. **(40 marc)**

**(d) Uirbiú**

| Réigiún | % Cónaitheoirí uirbeacha | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 1950 | 1975 | 2000 | 2030 |
| An Afraic | 15 | 25 | 37 | 54 |
| An Áise | 17 | 24 | 37 | 55 |
| An Eoraip | 51 | 66 | 73 | 80 |
| Meiriceá Laidineach | 42 | 61 | 76 | 85 |
| Meiriceá Thuaidh | 64 | 74 | 79 | 87 |
| An Aigéine | 61 | 72 | 73 | 75 |
| An Domhan | 29 | 37 | 47 | 61 |

*Foinse: 'World Urbanisation Prospects: the 2003 Revision' (2004*) na N.A.

Déan staidéar ar an tábla seo, a léiríonn treochtaí i gcoibhneas na ndaoine atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha i réigiúin dhifriúla an domhain idir 1950 agus 2030.

**(i)** Scrúdaigh cuid de na hathruithe réigiúnacha a léirítear sa tábla agus tagairt agat do:

- Méid an uirbithe daonra
- An ráta athraithe le linn na tréimhse **(40 marc)**

**(ii)** Scrúdaigh **dhá** cheann de na hiarmhairtí móra a bhaineann le huirbiú sa domhan, agus tagairt agat do réigiúin atá i mbéal forbartha **agus** forbartha **araon**. **(60 marc)**

## 4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH: Freagair 4(a) nó 4(b) nó 4(c) nó 4(d).

**(a) Fuinneamh**

**% d'Fhuinneamh ó Fhoinsí Éagsúla [1975 & 2004]**

| Breoslaí a Úsáideann Stáisiúin | 1975 | 2004 |
|---|---|---|
| Ola | 65.0 | 18.5 |
| Ola agus Gás | - | 27.7 |
| Gás | - | 13.8 |
| Móin | 26.0 | 5.4 |
| Gual | 1.0 | 19.7 |
| Hidrea [BSL] | 8.0 | 11.03 |
| Príobháideach – gaoth, gás lionadh talun, hidrea | - | 3.9 |

Foinsí: [1975] BSL Tuarascáil Bhliantúil (1992), [2004]

**(i)** Maidir leis na sonraí thuas, dean cur síos agus tabhair míniú ar an athrú coibhneasta a tháinig ar thábhacht **dhá** fhoinse cumhachta ar bith i nginiúint leictreachais le linn na tréimhse. **(60 marc)**

**(ii)** "Is iad na príomhchuspóirí don earnáil seo ná. . . . caomhnú fuinnimh agus éifeacht chin-úsáide a fhorbairt." [An Roinn Cumarsáide, Mara agus Achmhainní Nádúrtha, 2004].
Mínigh cén fáth a bhfuil sé den tábhacht go mbainfí na cuspóirí sin amach. **(40 marc)**

**(b) Tionscal Déantúsaíochta**

**(i)** Tháinig athrú ar na tosca a théann i bhfeidhm ar lonnú tionsal déanntúsaíochta le himeacht ama.
Scrúdaigh fírinne an ráitis seo agus déan tagairt do shamplaí a ndearna tú staiéar orthu. **(60 marc)**

**(ii)** Scrúdaigh conas a d'fhéadfadh tionscal déantúsaíochta éifeachtaí dearfacha agus diúltacha **araon** a imirt ar an gcomhshaol. **(40 marc)**

**(c) Foraoiseacht nó Iascaireacht**

**(i)** Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le foraoiseacht **nó** iascaireacht d'fhorbairt eacnamaíoch thír Eorpach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthí. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh an fhíric go mbaineann an-tábhacht le caomhnú na n-acmhainní sin ar fud na cruinne sa lá inniu. **(40 marc)**

**(d) Obair Allamuigh**

Maidir le cleachtadh **ar bith** in obair allamuigh thíreolaíoch atá déanta agat:

**(i)** Tabhair teideal agus aidhmeanna na hoibre allamuigh. **(10 marc)**

**(ii)** Mínigh an chaoi ar réitigh tú don obair allamuigh. **(20 marc)**

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi ar bhailigh tú agus a ndearna tú taifeadadh ar shonraí. **(30 marc)**

**(iv)** Déan cur síos – go mion – ar na torthaí agus na conclúidí. **(30 marc)**

**(v)** Déan cur síos achomair ar shlí amáin inar chuidigh an obair allamuigh le do chuid eolais ar an abhar a fhorleathnú. **(10 marc)**

**ROINN C**
**Freagair Ceist 5**

**5. TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH: Freagair 5(a) nó 5(b) nó 5(c) nó 5(d).**

**(a) Talmhaíocht**

"Ba é lion iomlán na bhfeirmeacha in Éirinn sa bhliain 2000 ná 141,500-titim ó 231,400 i 1980." [An Roinn Talmhaíochta agus Bia, 2004].

**(i)** Scrúdaigh **dhá** thoisc a d'imir tionchar ar an athrú sin. **(60 marc)**

**(ii)** Tá fadhbanna eacnamaíocha ag cur as do chuid mhaith feirmeoirí san Eoraip. Bain úsáid as samplaí a ndearna tú staidéar orthu agus:

- Mínigh cén fáth a bhfuil sé sin ag tarlú
- Rianaigh conas táthar ag tabhairt faoi ghníomhaíocht fheabhais. **(40 marc)**

**(b) Turasóireacht**

**(i)** Déan anailís ar na príomhchúiseanna a bhaineann le forbairt rathúil thionscal na turasóireachta i **ndá** thír chontrártha san Eoraip. **(60 marc)**

**(ii )** Baineann iarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon leis an turasóireacht do réigiún nó do réigiúin.
Bain úsáid as samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu agus déan cur síos ar iarmhairt dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann leis an turasóireacht. **(40 marc)**

**(c) <u>Réigiúin</u>**

Poblacht na hÉireann, an Ghearmáin, An Spáinn, An Iodáil, An Iorua.

Roghnaigh ceann **<u>amháin</u>** de na tíortha Eorpacha thuas agus, le cabhair sracléarscáile, mol agus tabhair cúiseanna lena roinnt i **d<u>trí</u>** réigiún tíreolaíocha **nó breis.** **(100 marc)**

**(d) <u>Croílár agus Imeall</u>**

**(i)** Scrúdaigh – go mion – **trí** shaintréith a bhaineann le réigiún imeallach. Déan tagairt i do fhreagra do shampla Eorpach **amháin nó breis.** **(60 marc)**

**(ii)** Scrúdaigh **dhá** cheann de na héifeachtaí móra is cosúil a bheidh ag forleathnú deireannach an Aontais Eorpaigh ar na chéad 15 bun-bhallstáit. **(40 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán